



ombudsman
do leanaí & do dhaoine óga

Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh
i gcomhar leis an aos óg

Naíonáin Shóisearacha
& Shinsearacha



Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh i gcomhar leis
an aos óg

Is acmhainn de chuid Oifig an Ombudsman do leanaí é 'Céard a déarfá féin?'



www.oco.ie

Ábhar bunúil arna chur in eagar ag

Owen McCarthy

agus scríofa ag foireann múinteoirí a bhfuil seantaithí acu:

Anne-Marie Herron

Anne-Marie Kealy

Owen McCarthy

Iad seo a leanas scríbhneoirí na ngníomhaíochtaí nua sna hábhair acmhainne chomh maith: **Anne-Marie Herron, Anne-Marie Kealy** agus **Owen McCarthy**

Ba mhaith leis an OCO a thabhairt chun suntais an obair thábhachtach a rinne Clíodhna Ní Ghiollagáin agus Kate Mitchell i bhforbairt na n-acmhainní seo.

© Oifig an Ombudsman do Leanaí

Brollach

A Mhúinteoir, a chara,

Is cúis mhór áthais dom go bhfuil sé beartaithe agat na hábhair acmhainne seo a úsáid chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na saincheisteanna éagsúla a bhfuil tionchar acu ar leanaí agus a bhaineann le cearta an linbh.

Is é atá i gceist le mo phost, mo dhualgas reachtúil, ná cearta agus leas gach linbh, suas go haois ocht mbliana déag, a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear a leas san áireamh sa dlí, polasaí agus cleachtas. Fiafraítear díom go minic cá bhfuil cearta an linbh sonraithe. Tá dhá phríomh-phointe tagartha ann: An Bunreacht, atá mar ionstraim bhunaidh dhlíthiúil na hÉireann, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, sraith caighdeán de chearta daonna leanaí ar aontaíodh go hidirnáisiúnta leo, rud a daingníodh in Éirinn i 1992.

Sa bhliain 2007, chuireamar an ‘Ballóid Mhór’ ar bun, tionscadal inar vótáil 74,000 leanbh ar na príomh-shaincheisteanna a raibh tionchar acu orthu. Thacaigh 560 bunscoil agus iar-bhunscoil, Ionaid Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearacha leis na daoine óga páirt a ghlacadh ann. Tá sé ar an gcomhairliúchán is mó le leanaí in Éirinn riamh agus, mar is léir, ní fhéadfadh go mbeadh ann dó gan cúnamh agus díograis na múinteoirí ar fud na tíre.

Léirigh aiseolas ón tionscadal seo gurb iad na príomh-bhuntaistí do leanaí a bhí páirteach sa bhallóid ná an deis cearta an linbh a iniúchadh; tuairimí a chruthú agus a chur in iúl; agus foghlaim faoi, agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach. Tháinig aiseolas an-dearfach chugainn ó mhúinteoirí mar

gheall ar a bheith ag úsáid na n-ábhar acmhainne agus d'iarr roinnt acu ábhair bhreise ar chearta an linbh orainn.

D'aontaigh an fhoireann múinteoirí a d'fhorbair na hábhair acmhainne bunaidh do bhunscoileanna obair a dhéanamh arís linn ar na hábhair seo. Ba mhór dúinn saineolas agus cruthaitheacht Owen McCarthy, Ann Marie Herron agus Anne-Marie Kealy.

Tuigim an ról suntasach atá ag múinteoirí i saolta leanaí. Cuireann ár n-eispéireas féin ar obair rannpháirtíoch i gcuimhne dúinn go bhfuil muid, mar atá do gach duine a bhíonn ag obair le leanaí, ag foghlaim chuile lá.

Tá súil agam go mbeidh na hábhair seo mar thacaíocht duit agus tú i mbun oibre agus go gceapfaidh na leanaí nach bhfuil na hábhair oideachasúil amháin, ach spraoiúil chomh maith.

Más mian leat tuilleadh eolais faoin OCO a fháil, agus an obair atá ar bun againn cearta agus leas an linbh a chur chun cinn in Éirinn, téigh chuig ár suíomh gréasáin ag - www.oco.ie

Míle buíochas,



Ombudsman do Leanaí

2010

Réamhrá

Fáilte chuig 'Céard a Déarfá Féin?'. Is éard atá san acmhainn seo ná gníomhaíochtaí a dhéanann iniúchadh ar cheisteanna a bhaineann le cearta an linbh. San áireamh ann tá tagairtí don Choinbhinsiún um Chearta an Linbh agus don Bhunreach.

Grúpa múinteoirí a chruthaigh na gníomhaíochtaí seo- gníomhaíochtaí a ceapadh ar bhealach a éascódh cur i bhfeidhm roinnt gnéithe den churaclam.

Sna hábhair tugtar tús eolais ar ról agus obair an Ombudsman do Leanaí agus tugtar an deis do leanaí na saincheisteanna seo a leanas a iniúchadh agus a phlé:

- **Guth a bheith agat agus go dtabharfaí cluas le héisteacht duit**
- **Teaghlach agus cúram**
- **Sláinte agus maoín**
- **Oideachas**
- **Súgradh, fóillíocht agus caitheamh aimsire**
- **Cuimsiú**

Caithfear na saincheisteanna seo a láimhseáil go híogair. Ní foláir do mhúinteoirí cúinsí ar leith na leanaí a bhfuil siad ag obair leo a chur san áireamh agus na hábhair a chur in oiriúint dá réir.

Bunaithe ar na gníomhaíochtaí roimh ré agus féadfaidh múinteoirí é a chur in oiriúint dá scoil féin, díríonn gníomhaíocht deiridh na hacmhainne seo ar chuidiú le leanaí a dtuairimí a chur in iúl trí bhallóid a eagrú agus/nó páirt a ghlacadh ann.

Cuideoidh an rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí seo le leanaí tuiscint leathan a fháil ar an tábhacht a bhaineann le guth a bheith acu i leith nithe a théann i gcion orthu.

Bunreach, Airteagal 40(6)(1)(i)

Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta

Coinbhinsiún na Náisiún

Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL), Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

Conas an acmhainn seo a úsáid?

CROÍGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is éard atá san acmhainn seo ná lámhleabhar do mhúinteoirí a áiríonn bileoga oibre ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh orthu agus DVD ag gabháil leis a dhíríonn ar roinnt de na gníomhaíochtaí. San fhormáid seo féadfaidh leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taitneamhacha agus ag an am céanna cur lena dtuiscint ar chearta agus ar shaoránacht.

Tugann an chéad ghníomhaíocht tús eolais do na leanaí ar an Ombudsman do Leanaí. Sna gníomhaíochtaí eile déantar cíoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta leanaí ar bhealach a fhorbraíonn scileanna agus luachanna a bhaineann le hoideachas sa tsaoránacht. Cuireann na gníomhaíochtaí sin fócas ar fáil a dhíríonn ar an ngníomhaíocht deiridh – ballóid atá ina cheacht ar Shaoránacht agus a thugann tús eolais do na leanaí ar an bpróiseas daonlathach. Tá súil againn go mbainfidh na leanaí taitneamh as na gníomhaíochtaí.

TUISMITHEOIRÍ

Tá litir ón Ombudsman do Leanaí chuig tuismitheoirí/caomhnóirí ag gabháil leis an acmhainn seo. Chun an deis a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí na saincheisteanna a ndéantar iniúchadh orthu san acmhainn seo a phlé lena leanaí, tá spás ar na bileoga oibre do shíniú na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Iarrtar ar scoileanna torthaí ghníomhaíocht na ballóide a sheoladh abhaile chomh maith.

CURACLAM SCOILE

Éascaíonn na gníomhaíochtaí gnéithe den churaclam teagaisc agus foghlama, go háirithe i gcomhthéacs OSPS (féach léaráid thall). Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le leanaí iniúchadh agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ábhar ag tagairt dá n-eispéiris féin. Baintear an-úsáid as an scéal sna hábhair acmhainne do bhunscoileanna, idir shíscéalta do ranganna na naíonán is chás-staidéir do ranganna sinsearacha.

OIDEACHAS NEAMHFHOIRMIÚIL

Cé gur forbraíodh na hábhair seo don teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs oideachas foirmiúil leanaí, féadfar na gníomhaíochtaí a úsáid freisin d'obair le leanaí i suíomhanna oideachais neamhfhoirmiúla – mar shampla, mar chuid de chlár gníomhaíochtaí do leanaí atá ag freastal ar chlubanna tar éis scoile.

MODHEOLAÍOCHTAÍ

I measc na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama a áiríodh agus na gníomhaíochtaí á gcur i gcrích bhí plé, díospóireacht, obair i ngrúpaí agus rólghlacadh. Spreagann siad leanaí le comhbhá a fhorbairt agus páirt a ghlacadh i gcomhar-fhoghlaim. Moltar do mhúinteoirí tacú leis na leanaí obair i ngrúpaí de chumais mheasctha. Cothaítear nasc idir an scoil agus an baile le gníomhaíochtaí a spreagfaidh plé breise ar na saincheisteanna sa bhaile. Ba chóir go mbraitheadh leanaí úinéireacht i leith na hoibre a dhéanann siad i gcomhthéacs gach gníomhaíochta.

An bhaint atá ag 'Céard a Déarfá Féin?' leis an gCuaraclaim do Ranganna na Naíonán Sóisearach agus Sinsearach



	Lch	Ábhair
Brollach		
Réamhrá		
GNÍOMHAÍOCHT 1 Cuirimis Aithne ar Emily	1	DVD Rian 1
GNÍOMHAÍOCHT 2 Bí ag Éisteacht, a Fheirmeoir Joe	15	DVD Rian 5 <i>Póstaer 'Feirmeoir Joe'</i>
GNÍOMHAÍOCHT 3 Téann Hannah ar scoil	25	DVD Rian 6 <i>Póstaer 'Téann Hannah ar scoil'</i>
GNÍOMHAÍOCHT 4 Gráigh do Choileán	31	DVD Rian 7 <i>Póstaer 'Gráigh do Choileán'</i>
GNÍOMHAÍOCHT 5 An Clog	41	<i>Póstaer an Chloig</i>
GNÍOMHAÍOCHT 6 Bróga nua do Ben	53	<i>Bróga nua do Ben</i>
GNÍOMHAÍOCHT 7 Do Ghuth, Do Vóta	61	

AON RUD IN EASNAMH?

MÁ TÁ AON CHEANN DE NA NITHE SIN IN EASNAMH
IS FÉIDIR IAD A ÍOSLÓDÁIL ÓNÁR SUÍOMH GRÉASÁIN
WWW.OCO.IE

PRÍOMHDHEILBHÍNÍ**Radharc DVD****Scríobh****Léigh os Ard
Plé Ranga****NASC BAILE****Nasc le Baile**

Obair Oifig an Ombudsman do Leanaí

GNÍOMHAÍOCHT 1

Cuirimis Aithne ar
Emily Logan





Obair Oifig an Ombudsman do Leanaí

Cuirimis Aithne ar Emily Logan

Sa ghníomhaíocht seo tabharfar tús eolais do na leanaí ar an Ombudsman do Leanaí. Gheobhaidh siad amach go bhfuil post tábhachtach aici agus go bhfuil leasa leanaí atá ina gcónaí in Éirinn mar chúram uirthi.

CUSPÓIR:

Tús eolais a thabhairt do na leanaí ar ról agus obair an Ombudsman do Leanaí agus ar an mBallóid Mhór.

An tOmbudsman do Leanaí: Eascraíonn an focal 'Ombudsman' ó Chríoch Lochlainn. An bhrí atá leis an gcéad chuid den fhocal 'Ombuds' ná cosantóir ceart agus tagraíonn an dara cuid 'man' don chine daonna i gcoitinne. Mar sin d'fhéadfadh Ombudsman a bheith ina fhear nó ina bean. Tá sé/sí ina d(h)uine a chosnaíonn cearta daoine nó grúpa ar chumhachtaí agus bearta rialtais agus eagraíochtaí poiblí eile. I gcás an Ombudsman do Leanaí, is iad tairbhíthe a c(h)uid oibre ná leanaí.

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Grianghraf den Ombudsman do Leanaí
- DVD Rian 1
- Litir ar féidir í a fhótachóipeáil, le tabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí

RÉAMHRÁ:

Déan stiúradh ar am plé i gcirocal faoi róil éagsúla daoine fásta sa phobal scoile – múinteoirí, an príomhoide, an t-airíoch, an rúnaí, maor scoile srl. Labhair faoin tábhacht a bhaineann leis na róil seo do leanaí, dá sábháilteacht agus dá bhfolláine. Leis na Naíonáin Shinsearacha, ba chóir an plé a leathnú chun go n-áireofaí ról daoine fásta eile sa phobal i gcoitinne. Iarr ar na leanaí samplaí a thabhairt de phoist na ndaoine sin, de na daoine fásta ar a n-aithne leis na poist sin agus/nó poist a rinne siad san am atá thart.

FORBAIRT:

Cuir duine eile i láthair a bhfuil post an-tábhachtach aici agus tá baint ag an bpost sin le go mbeadh Éire ina háit níos sábháilte do leanaí. Taispeáin grianghraf dóibh de Emily Logan, an tOmbudsman do Leanaí, agus bíodh plé gairid ann. Seinn Rian 1 den DVD nó léigh téacs litir Emily chuig na leanaí (*Nóta eolais: níl Rian 1 den DVD mar an gcéanna le téacs litir Emily*).



NASC BAILE

Cuirimis Aithne ar Emily Logan



A bhuachaillí agus a chailíní,

Emily is ainm domsa agus ba maith liom insint daoibh faoin bpost tábhachtach atá agam.

Seans go gceapfadh sibh go bhfuil sé beagán ait, ach an post atá agamsa ná éisteacht lena bhfuil le rá ag leanaí mar gheall ar rudaí atá tábhachtach dóibh.

Sula bhfuair mé an post seo d'oibrigh mé i mo bhanaltra in Éirinn agus in ospidéal mór do leanaí i Sasana. Thaitin sé go mór liom bheith ag tabhairt aire do leanaí agus am a chaitheamh leo. Theastaigh uaim tuilleadh a dhéanamh chun feabhas a chur ar an saol do leanaí. Agus theastaigh uaim tuilleadh a dhéanamh chun a chinntiú go n-éistfí lena bhfuil le rá acu.

Ó fuair mé an post mar Ombudsman do Leanaí, táim tar éis cloisteáil ó na mílte leanbh ar fud na hÉireann. D'inis siad an-chuid rudaí éagsúla dom. D'inis siad dom faoin áit ina bhfuil cónaí orthu. Labhair siad liom faoina dteaghlaigh. D'inis siad dom faoina gcairde agus an méid spraoi a bhíonn acu lena chéile. Labhair siad liom faoi na háiteanna is fearr leo bheith ag súgradh agus faoi na cluichí is fearr leo. D'inis siad dom faoi na nithe is maith leo a fhoghlaim ar scoil agus na nithe is maith leo a dhéanamh ar a laethanta saoire. D'inis siad dom cad a dhéanann sona iad agus cad a dhéanann brónach iad. D'inis siad dom faoi nithe a chuireann scanradh orthu agus faoi nithe a chuireann ag gáire iad. D'inis siad dom faoina mianta agus conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar an saol dóibh agus do na daoine a thugann aire dóibh.

D'fhoghlaim mé an-chuid ó bheith ag éisteacht lena raibh le rá ag leanaí. Tá an éisteacht thar a bheith tábhachtach. Ba chóir dúinn go léir bheith ag éisteacht lena chéile. Is féidir leatsa cleachtadh a dhéanamh ar labhairt agus éisteacht le do mhúinteoir.

Táim an-bhuíoch díot as éisteacht liom inniu.

Slán tamall.

Emily Logan

Cuir ceisteanna ar na leanaí chun a dtuiscint ar litir Emily a mheas nó, mar rogha, seinn DVD Rian 1.

Ceisteanna féideartha bunaithe ar DVD Rian 1:

- Céard is ainm do phost Emily?
- Céard atá i gceist lena post?
- An féidir leat cuimhneamh ar roinnt de na rudaí faoina labhraíonn na leanaí sa scannán?
- Céard a cheapann Emily a bhfuil tábhacht ag baint leis?



Ceisteanna féideartha bunaithe ar litir Emily:

- Cé a scríobh an litir seo?
- Céard is post Emily ann?
- Cén fáth a raibh an post seo ag teastáil ó Emily?
- Cé lenar bhuail Emily ó thosaigh sí a post mar Ombudsman do Leanaí?
- Céard atá ráite ag na leanaí le Emily?
- Céard a cheapann Emily a bhfuil tábhacht ag baint leis?



GNÍOMH LEANTACH 1:

Iarr ar na leanaí pictiúir a tharraingt nó a phéinteáil de Emily ag éisteacht le leanaí. Cuir na pictiúir ar taispeáint le teachtaireacht Emily 'ba mhaith liom éisteacht lena bhfuil le rá agat'.



NASC BAILE

Tabhair fótachóip de litir Emily do thuismitheoirí/caomhnóirí do na leanaí, rud a chuireann Oifig an Ombudsman do Leanaí in aithne dóibh.



A thuismitheoir/chaomhnóir, a chara,

Táim ag scríobh chugat toisc go bhfuil do leanbh ag foghlaim faoinár n-obair in Oifig an Ombudsman do Leanaí ar scoil faoi láthair.

Mar chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn, is é mo phost cearta agus leas leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois a chur chun tosaigh.

Sa ról agamsa mar Ombudsman do Leanaí, tá dualgas reachtúil orm feachtas ar shaincheistanna a bhaineann le cearta agus leas an linbh, i measc leanaí agus daoine óga, a mhéadú.

Chuireamar clár gníomhartha oideachasúla le chéile i gcomhar le múinteoirí a bhfuil taithí mhaith acu sa réimse seo ionas go mbeidh leanaí in ann foghlaim faoin obair a dhéanamid agus go mbeidh siad in ann dul i ngleic le hábhair a bhaineann le saol an linbh in Éirinn.

Bhí na gníomhartha seo mar chuid de thionscadal “an Bhallóid Mhór” ar dtús, a reáchtáil ár nOifig le linn 2007. Ghlac na céadta scoil agus beagnach 75,000 leanbh ar fud na hÉireann páirt sa tionscadal seo. Ba í aidhm an tionscadail deis a thabhairt do leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi na ceistanna is tábhachtaí dóibh, agus leis sin, níos mó eolais a chur ar fáil dár nOifig sa chaoi is go mbeimis in ann cinntí a dhéanamh maidir leis na ceistanna ar a mbeimis ag díriú.

Tá sé lárnach dár n-obair anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí gur féidir le leanaí féin a dtuairimí agus ábhair is cúram dóibh a chur in iúl dúinn, agus gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcinntí a bhaineann leo.

Foghlaimimid lear mór eolais ó na tuairimí agus smaointí a roinneann leanaí agus daoine óga linn. Táimid ar an eolas faoin méid tacaíochta a thugann tuismitheoirí agus gairmithe do leanaí agus do dhaoine óga nuair atá siad ag iarraidh níos mó eolais a fháil ónár nOifig nó teagmháil a dhéanamh linn. Táimid go léir fíorbhuíoch as an tacaíocht seo.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir le hobair ár nOifige, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ag www.oco.ie, seol ríomhphost chugainn ag oco@oco.ie nó cuir glao orainn ag 01-8656800 chun pacáiste eolais a lorg.

Míle buíochas,



Ombudsman do Leanaí

Ceart Chun Éisteacht

GNÍOMHAÍOCHT 2

‘Bí ag Éisteacht, a Fheirmeoir Joe’





Ceart Chun Éisteachta

‘Bí ag Éisteacht, a Fheirmeoir Joe’

Sa cheacht seo foghlaimeoidh na leanaí, i gcás go bhfuil rud le rá acu, go bhfuil sé tábhachtach go n-éistfí leo. Uaireanta is féidir le duine eile cuidiú le leanbh le go n-éistfí leo. Tá ról ag daoine fásta, agus leanaí iad féin, i gcás a chinntiú go n-éistear le leanaí

CUSPÓIR:

Tús eolais a thabhairt do na leanaí ar an gcoincheap seo a leanas: go bhfuil sé tábhachtach go n-éistfí le leanaí.

Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i):

Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.

CNACL, Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Scéal-Phóstaer chun dul leis an téacs
- DVD Rian 5 nó téacs an scéil
- Bileoga Oibre 1 agus 2 ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh orthu

RÉAMHRÁ:

Tagair siar do Ghníomhaíocht 1 agus ar an gcur síos a rinne Emily ar a post – is é sin éisteacht lena bhfuil le rá ag leanaí. Mínigh go mbaineann an scéal seo le duine nár éist leis na guthanna ina thimpeall. Taispeáin an póstaer ón scéal do na leanaí ‘Bí ag Éisteacht, a Fheirmeoir Joe’.

FORBAIRT:

Taispeáin Rian 5 den DVD don rang nó léigh an scéal dóibh. Spreag na leanaí le páirt a ghlacadh ach aithris a dhéanamh ar na fuaimeanna.



Bí ag Éisteacht, a Fheirmeoir Joe



Uair dá raibh, bhí feirmeoir ann darbh ainm Joe. Ba fheirmeoir an-mhaith é Joe agus thug sé an-aire dá ainmnithe. Chinntigh sé go raibh dóthain le hithe agus le hól acu. Chinntigh sé gur crúdh na ba agus go raibh lochán deas ag na lachain le bheith ag snámh ann. Chinntigh sé go raibh dóthain spáis ag na caoirigh agus ag na capaill le bheith ag rith mórthimpeall. Thaitin a ainmhithe le Joe agus thaitin seisean lena ainmhithe.

Ach bhí fadhb amháin ann. Níor éist Joe leis na hainmnithe. Sea, chuala sé a bhfuaimeanna aisteacha, ach níor éist sé i gceart lena raibh á rá acu. Agus den chuid is mó ba chuma leis na hainmhithe nach raibh Joe ag éisteacht leo. Thaitin an saol leo ar an bhfeirm.

Ach oíche amháin bhí drochstoirm ann. Bhí an ghaoth ag séideadh an oíche ar fad agus an bháisteach ag stealladh ar an díon. Thosaigh an seanscioból dearg ina raibh na hainmhithe ina gcónaí ag crith, ag díoscán agus ag gearán. Bhí sé thar a bheith scanrúil. Bhí sceon ar na hainmhithe. Bhí eagla orthu go dtitfeadh an scioból orthu agus go dtiocfadh an

díon anuas orthu. Ní raibh an seanscioból sábháilte a thuilleadh.

An mhaidin dár gcionn, le héirí na gréine, bheartaigh siad go ndéanfaidís rud ina thaobh. Déarfaidís le Feirmeoir Joe faoin gcrith, is faoin ngíoscán is faoin ngearán. Déarfaidís leis go raibh an scioból dainséarach anois agus nach bhféadfaidís fanacht ann níos mó. Agus déarfaidís leis láithreach.

Ach bhí Feirmeoir Joe ag dul mórthimpeall na feirme ag feadaíl agus ag canadh agus ag gabháil dá chuid oibre mar is gnách. Níor fhéach sé suas agus níor thug sé faoi deara go raibh an díon briste. Rinne na hainmhithe go léir a ndícheall insint dó faoin scioból ar a mbealaí féin.

‘Oink Oink’, arsa na muca.

‘Baa Baa’, arsa na caoirigh.

‘Quack Quack’ arsa na lachain.

‘Neigh Neigh’, arsa na capaill.

‘Moo Moo’, arsa na ba.

‘Cock a doodle doo’, arsa an coileach mór dearg

‘Cheep cheep cheep’ arsa na sicíní beaga buí.

Ach ní raibh Feirmeoir Joe ag éisteacht.

Sea, chuala sé na fuaimeanna aisteacha, ach ní dhearna sé ach miongháire.

‘Go bhféire Dia orainn, tá na hainmhithe sin an-ghlórach inniu’ ar seisean, agus ar aghaidh leis lena chuid oibre.



Nuair a bhí deireadh déanta aige lena chuid oibre, shuigh sé síos faoin ngrian chun néal codlata a bheith aige. Bhailigh na hainmhithe ina thimpeall. 'Caithfimid iarracht a dhéanamh é a chur ag éisteacht linn', arsa ceann de na muca. 'Caithfimid bealach a aimsiú', arsa ceann de na caoirigh. 'B'fhéidir má deirimid go léir leis lena chéile' arsa an coileach mór dearg.

Agus mar sin, bhailigh na hainmhithe go léir mórthimpeall ar Fheirmeoir Joe chun a insint dó faoin scioból.

'Oink Oink', arsa na muca.

'Baa Baa', arsa na caoirigh.

'Quack Quack' arsa na lachain.

'Neigh Neigh', arsa na capaill.

'Moo Moo', arsa na ba.

'Cock a doodle doo', arsa an coileach mór dearg

'Cheep cheep cheep' arsa na sicíní beaga buí.

Ach níorbh aon chabhair é. Ní raibh

Feirmeoir Joe ag éisteacht leo. D'oscail sé a shúile. 'Bí i bhur dtost' ar seisean leis na hainmhithe. 'Nach bhfuil sé soiléir go bhfuilim ag iarraidh néal codlata a fháil?' Agus thit codladh air arís sa ghrian álain.

Bhí imní ar na hainmhithe anois. Ní fhéadfaidís oíche eile a chaitheamh sa scioból agus é ag díoscán. Bhí sé ró-dhainséarach. Ach cén chaoi a bhféadfaidís Feirmeoir Joe a chur ag éisteacht leo?

Go tobann, chuala siad clog na scoile agus na leanaí ag teacht suas an bóthar ar a slí abhaile ón scoil sa sráidbhaile. Stopadh na leanaí go minic chun labhairt leis na hainmhithe agus iad ag dul thar bráid. 'Seo ár seans', arsa an coileach mór dearg, 'inseoimid do na leanaí faoin scioból!'

Tháinig na leanaí chuig geata na feirme chun beannú do na hainmhithe. Láithreach bonn, d'inis na hainmhithe go léir a scéal dóibh.

'Oink Oink', arsa na muca.

'Baa Baa', arsa na caoirigh.

'Quack Quack' arsa na lachain.

'Neigh Neigh', arsa na capaill.

'Moo Moo', arsa na ba.

'Cock a doodle doo', arsa an coileach mór dearg

'Cheep cheep cheep' arsa na sicíní beaga buí..



D'éist na leanaí. Níor thuig siad i gceart cad a bhí á rá ag na hainmhithe ach bhí a fhios acu go raibh rud éigin bunoscionn. Ansin, d'fhéach duine de na leanaí, Caoimhe, suas agus dúirt. 'Breathnaigh air sin,' ar sise i gcogar, 'tá an seanscioból ag luascadh agus ag díoscán. Tá an chuma air go dtitfidh sé. B'fhéarr dúinn a rá le Feirmeoir Joe.'

Rith na leanaí isteach sa chlós feirme. Bhí Laoise ag glaoch agus ag béicíl.

'Éist linn a Fheirmeoir Joe,' ar sise.

Dhúisigh Feirmeoir Joe nuair a chuala sé guth láidir Laoise. 'Ambaiste,' ar seisean, 'cén chúis imní atá oraibh?'

Bhailigh na leanaí ina thimpeall.

"An scioból, a Fheirmeoir Joe,' arsa Laoise amach go láidir.

'Tá sé ag crith agus ag gíoscán,' arsa Fiachra agus é ag sciotaíl gáire

'Titfidh sé,' arsa Caoimhe i gcogar

'Ó, a thiarcais!' arsa Feirmeoir Joe, 'an scioból, an seanscioból dearg! M'ainmhithe bochta - ní bheidh aon

áit codlata acu. Caithfear é a dheisiú láithreach. Cén fáth nach ndúirt duine liom go dtí seo?' a d'fhiafraigh sé.

Gháir na hainmhithe. Sin díreach a bhí ar siúl acu. Ach, mar is gnách, ní raibh Feirmeoir Joe ag éisteacht roimhe seo. D'fhéachadar ar na leanaí agus ghabhadar buíochas leo.

"Oink Oink,' arsa na muca.

'Baa Baa,' arsa na caoirigh.

'Quack Quack' arsa na lachain.

'Neigh Neigh,' arsa na capaill.

'Moo Moo,' arsa na ba.

'Cock a doodle doo,' arsa an coileach mór dearg

'Cheep cheep cheep' arsa na sicíní beaga buí.

D'fhág na leanaí slán ag na hainmhithe agus ag feirmeoir Joe agus rith siad abhaile chun scéal scioból Fheirmeoir Joe a insint. D'inis Laoise é ina guth mór láidir, d'inis Fiachra é agus é ag sciotaíl gáire, d'inis Caoimhe é i gcogar agus d'inis Tomás é agus alltacht air. Gháir na





máithreacha agus na haithreacha go léir. 'An Feirmeoir Joe sin' ar siad. 'Ní mór dó a bheith ag éisteacht!'

Cuir na ceisteanna seo ar na leanaí chun a fháil amach cé chomh maith is a thuig siad an t-ábhar. Seo a leanas roinnt de na ceisteanna a d'fhéadfaí a chur:

- Cad iad na hainmhithe a bhí ar an bhfeirm?
- Cad iad na fuaimeanna a rinne na muca/na caoirigh/na ba etc?
- Cad iad na jabanna a rinne Feirmeoir Joe mórthimpeall na feirme?
- An feirmeoir maith a bhí ann? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat?
- Cén fáth nár éist sé leis na hainmhithe?
- Céard a bhí á rá ag na hainmhithe leis?
- Cén fáth a raibh gá acu a rá leis?
- Cén fáth nach bhféadfadh na hainmhithe é a chur ag éisteacht?
- Cén fáth ar éist sé leis na leanaí?
- Ar fhuaimnigh na leanaí go léir mar an gcéanna?
- Céard a rinne na leanaí nach ndearna na hainmhithe?
- Ar labhair na leanaí go léir lena chéile? Cén fáth?

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:

Iarr ar na leanaí suí i gciorcal chun cainte agus chun éisteachta.

Pléigh na nithe seo a leanas:

- Déanann ainmnithe fuaimeanna éagsúla;
- Labhraíonn daoine daonna ar bhealaí éagsúla, .i. teangacha éagsúla agus toin ghutha éagsúla.

Pléigh:

- na deacrachtaí a bhaineann le gach duine a bheith ag caint ag an am céanna;
- an chaoi ar féidir guth an uile dhuine a chloisteáil;
- do lámh a chur suas;
- a n-ainmneacha a úsáid agus tú ag labhairt le duine eile;
- fanacht ar do thuras chun cainte.

Babhta 1:

Iarr ar na leanaí maide (slaitín) a sheoladh ó dhuine go duine sa chiorcal. De réir mar a thugann gach leanbh an maide don chéad leanbh eile déarfaidh sé/sí 'dia dhuít'

Babhtaí ina dhiaidh sin:

Bain triail as guthanna éagsúla a úsáid sula ndeir gach leanbh 'dia dhuít' (nó a n-ainm) – mar shampla i nguth láidir/i gcogar/ á chanadh/ le guth linbh etc. Leis na Naíonáin Shinsearacha d'fhéadfaí frásaí níos casta a úsáid.

Pléigh an modh a úsáideadh. Cén fáth a raibh sé cóir agus cothrom? Cén chaoi a raibh seans cainte ag gach duine?

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 2:


larr ar na leanaí suí i gciorcal chun cainte agus chun éisteachta.

Tosaigh plé mar gheall ar na nithe a bhfuil gá againn iad a rá lenár nguth, ag tabhairt samplaí.

larr ar na leanaí rudaí a mholadh a d'fhéadfaidís a rá sna cásanna sin.

larr ar na leanaí na habairtí seo a leanas a chríochnú:

- Nuair atá tuirse orm deirim.....
- Nuair atá ocras orm deirim
- Nuair atá uaigneas orm deirim
- Nuair atá eagla orm deirim
- Nuair a bhíonn mo chara gránna liom deirim ...
- Nuair atá fearg orm deirim.....
- Nuair atá áthas orm deirim.....
- Nuair atá barróg uaim deirim.....

**GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 3:**

larr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 1 a dhathú. D'fhéadfaidís na naíonáin shinsearacha an t-ainmhí feirme is fearr leo a tharraingt agus an fhuaim cheart don ainmhí sin a scríobh sa bholgán cainte ar bhileog gníomhaíochta 2.


**NASC BAILE:**

larr ar na leanaí an bhileog le dathú a thabhairt abhaile go dtí a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí/a ndeartháireacha is a ndeirfiúracha agus inseoidh siad scéal an Fheirmeora Joe dóibh. Mol dóibh go bhféadfaidís seo a dhéanamh ina nguth speisialta féin.



Bí ag Éisteacht, a Fheirmeoir Joe


Bileog Oibre Daite 1



Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: _____

Sa rang, bhí iniúchadh á dhéanamh ag do leanbh ar an tábhacht a bhaineann le labhairt amach agus an ceart go n-éistfí leo. Iarr ar do leanbh scéal Fheirmeora Joe a insint duit. Bí cinnte go n-éisteann tú leis/léi go cúramach.

Leanaí sna Naíonáin Shinsearacha: **Tarraing an t-ainmhí feirme is fearr leat.**



D'fhoghlaim do leanbh chomh tábhachtach is atá sé labhairt amach agus a chinntiú go n-éistear leo. Iarr ar do leanbh scéal an Fheirmeora Joe a insint duit. Cinntigh go léiríonn tú dó/di go bhfuil tú ag éisteacht.

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: _____

Oideachas agus Súgradh

GNÍOMHAÍOCHT 3

Téann Hannah ar Scoil





Oideachas agus Súgradh

Téann Hannah ar Scoil

Sa cheacht seo iarrtar ar leanaí a shamhlú conas mar a bheadh an saol gan scoil nó súgradh a bheith ann, agus breithnítear chomh lárnach is atá oideachas agus súgradh ina saol.

CUSPÓIR:

Tús eolais a thabhairt do na leanaí maidir lena gcearta chun Oideachais agus chun Súgartha

Bunreacht, Airteagal 42:

Aithníonn an Stát an ceart oideachas a fháil.

CNACL, Airteagal 28:

Tá sé de cheart ag leanaí oideachas a fháil.

CNACL, Airteagal 31:

Tá cheart chun súgartha agus chun sosa ag leanaí

BEIDH GÁ AGAT LE:

- Póstaer le dul leis an téacs
- Scéal ar DVD Rian 6 nó téacs an scéil
- Páipéar don líníocht

RÉAMHRÁ:

Pléigh leis na leanaí na cuimhní cinn atá acu ar a gcéad lá ar scoil.

FORBAIRT:

Éist le scéal na leanaí ar Rian 6 den DVD nó léigh an scéal do na leanaí



Téann Hannah ar scoil



Bhí Hannah cúig bliana d'aois agus d'inis a máthair di go mbeadh sí ag tosú ar scoil, cosúil leis na leanaí eile a bhí ina gcónaí ar an mbóthar. Bhí an scoil timpeall an chúinne agus bhí Hannah tar éis dul thar bráid na scoile go minic ar a slí ar ais ón siopa lena máthair agus lena hathair.

Ach níor thaitin an scoil le Hannah. Foirgneamh ollmhór a bhí ann, le doras mór gorm agus céimeanna suas chuig an doras. Níor thaitin fuaim chlog na scoile léi agus níor thaitin béicíl na leanaí léi agus iad ag imirt sa chlós. Áit mhór scanrúil í an scoil agus níor thaitin sí le Hannah ar chor ar bith. 'Ní maith liom an scoil', ar sise lena máthair. 'Ní maith liom an doras mór gorm. Ní maith liom an clós scanrúil agus ní maith liom na leanaí torannacha. Nílím ag dul ar scoil' ar sise. 'Is áit mhór scanrúil í an scoil agus nílím ag dul ann!

'Ó' arsa máthair Hannah, 'is trua sin mar bhí súil ag Bean Mhic Gabhann tú a bheith ina rang i mbliana. Beidh orainn dul agus míniú di nach bhfuil tú ag dul ar scoil. Beidh na leanaí eile ag dul Dé Máirt chun bualadh lena múinteoir agus

bheadh sé go maith dá rachaimis ar an lá sin.'

Dé Máirt a bhí ann, agus d'imigh Hannah agus a máthair ar scoil chun cainte le Bean Mhic Gabhann chun a insint di nach mbeadh Hannah ag dul ar scoil. Bhí greim dhocht láimhe ag Hannah ar a máthair agus suas na céimeanna leo chuig doras mór gorm na scoile. Ach bhí iontas ar Hannah. Laistigh, ní raibh an scoil ina háit scanrúil ar chor ar bith. Bhí pictiúir gheala ar na ballaí agus bhí nithe catacha greannmhara ag crochadh ón tsíleáil. Thug Beann Mhic Gabhann faoi deara go raibh Hannah agus a máthair ann agus shiúil sí sall chucu. Mhínigh a máthair nach mbeadh Hannah ag freastal ar scoil agus bhí díomá ar Bhean Mhic Gabhann.. 'Ó Hannah, is trua sin. Bhí súil agam go mbeadh an-spraoi againn i mo rang. Braithfidh mise agus na leanaí eile uainn tú. B'fhéidir gur chóir duit teacht isteach sa seomra ranga ar aon chuma agus beannú dóibh. Míneoidh mé dóibh níos déanaí.'

Mar sin, rug Hannah greim níos doichte ar lámh a máthar ná mar a rinne sula ndeachaigh siad isteach i seomra ranga Bhean Mhic Ghabhainn. Chonaic Hannah a cairde go léir. Bhí Sinéad ag imirt sa



ghainimh. Bhí Con ag tarraingt pictiúir. Bhí Siobhán ag tógáil bóthair le brící - bóthar mór fada. Bhí pictiúr á phéinteáil ag Sally dá teach agus bhí nathair nimhe a dhéanamh ag Josh le coirníní ar shreangán. Bhíodar ag baint taitnimh astu féin.

‘Dia dhuit Hannah,’ arsa Sinéad, ‘ar mhaith leat súgradh sa ghainimh. D’fhéadfaimis caisleán a thógáil lena chéile. Scaoil Hannah lámh a máthar agus d’imigh sí sall chun imirt sa ghainimh. Thaitin brath mín réidh an ghainimh léi. Ansin thóg sí féin agus Sinéad caisleán ard agus mhaigh siad é le sliogáin.

Gan rómhoill, bhuail an clog agus bhí cead acu dul amach ag súgradh ar feadh cúpla nóiméad. Níor theastaigh ó Hannah dul amach sa chlós mór scanrúil, ach lean sí Sinéad. Ansin bhí iontas uirthi arís. Ní raibh an clós mór agus scanrúil agus torannach mar a cheap sí. Thosaigh Hannah agus Sinéad ag súgradh leis na leanaí eile. Léim siad ar an hopscotch agus rith siad mórthimpeall na gcosán péinteáilte. Bhí an-am acu. Ní fada gur bhuail an clog arís. Ní raibh an clog glórach in aon chor, dar le Hannah. Déanta na fírinne thaitin an fhuaim léi.

‘Caithfimid imeacht anois,’ arsa máthair Hannah. ‘B’fhéarr duit a rá le Sinéad nach mbeidh tú ag freastal ar scoil a thuilleadh.’

Tharraing Hannah ar chóta a máthar. ‘Teastaíonn uaim rud a insint duit’ ar sise. Chrom a máthair chun go bhféadfadh Hannah cogar ina cluas. ‘Ba mhaith liom dul ar scoil anois,’ ar sise go bog. ‘Tá an scoil mór ach níl sí torannach agus níl sí scanrúil. Teastaíonn uaim dul ar scoil anois.’

‘Ó,’ arsa a máthair. ‘Caithfimid a rá le Bean Mhic Gabhann anois gur athraigh tú d’aighe. Tá súil agam go mbeidh sé sin ceart go leor.’ Rinne Bean Mhic Gabhann miongháire ‘Tá sin ar fheabhas Hannah’ ar sise, ‘beidh an-spórt againn lena chéile.

... Agus... do bhí.

Agus anois gach maidin nuair a ritheann Hannah suas na céimeanna, isteach tríd an doras mór gorm agus nuair a bhuaileann sí lena cairde agus le Bean Mhic Gabhann, deireann sí amach go hard ‘Is breá liom mo scoil.’ Agus bíonn miongháire ar aghaidh Bhean Mhic Gabhann.



Téann Hannah ar scoil

Pléigh an scéal leis na leanaí chun go gcuirfidh siad leis an dearcadh atá acu i leith na scoile, na buntáistí a bhaineann leis an scoil agus tábhacht na scoile agus an oideachais. Seo a leanas liosta de na ceisteanna a d'fhéadfaí a chur:

- Cén fáth nár theastaigh ó Hannah dul ar scoil?
- Cén fáth a raibh scanradh uirthi?
- Cad a dúirt a máthair go gcaithfeadh sí a dhéanamh?
- Cén t-iontas a bhí ar Hannah nuair a shroich sí an scoil?
- Cad iad na cluichí a d'imir sí?
- Cé leis/léi ar bhuail sí?
- Cén fáth ar athraigh Hannah a dearcadh i leith na scoile?
- Cén chaoi a ndúirt sí lena máthair faoin athrú seo ar a dearcadh?
- Dá mba rud é gur bheartaigh Hannah gan dul ar scoil, céard a tharlódh?
- Cén fáth, i do thuairimse, a bhfuil sé go maith go ndeachaigh Hannah ar scoil?

Gníomhaíocht Leantach 1:

- Pléigh na gníomhaíochtaí éagsúla a mbíonn leanaí páirteach iontu agus iad ar scoil.
- Faigh amach cén ghníomhaíocht a bhraithfidís uathu mura mbeidís ag freastal ar scoil.
- Iarr ar na leanaí pictiúir a tharraingt díobh féin agus iad i mbun na gníomhaíochta is fearr leo.
- Iarr orthu a gcuid líníochtaí a phlé i bpéirí. Tabhair formáid don phlé dóibh, mar shampla: An ghníomhaíocht is fearr liom ar scoil ná... toisc ...

Bíodh gníomhaíocht ranga ann ina dhiaidh seo. Iarr ar na leanaí seasamh i gciorca agus a líníochtaí a thaispeáint. Iarr ar gach leanbh a líníocht a thaispeáint, duine ina nduine, don ghrúpa ranga agus an ghníomhaíocht is fearr leo a ainmniú.

NASC BAILE

Iarr ar na leanaí na líníochtaí a bhreith leo abhaile agus a insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoin ngníomhaíocht is fearr leo ar scoil.



Teaghlach agus Cúram, Sláinte agus Maoin

CEACHT 4

GRÁIGH DO CHOILEÁN





Teaghlach agus Cúram, Sláinte agus Maoin

GRÁIGH DO CHOILEÁN

Sa cheacht seo déanfaidh na leanaí iniúchadh ar an gcaoi a bhfuil gá cúram a dhéanamh de leanaí, díreach mar a dhéantar de na hainmhithe sa scéal, ar bhealach a chosnóidh a sláinte agus a sábháilteacht.

CUSPÓIR:

Feasacht a fhorbairt i measc na leanaí maidir leis an ngá atá le go mbeadh timpeallacht teaghlaigh mhaith ann chun an cúram agus an chosaint cheart a thabhairt do gach leanbh.

Bunreacht, Airteagal 41 :

Tá áit speisialta ag an teaghlach sa tsochaí.

CNACL, Airteagail 7 agus 9:

Tá sé de cheart ag leanaí a bheith lena dtuismitheoirí nó leo siúd is fearr a thabharfaidh aire dóibh.

CNACL, Airteagail 24 agus 27:

Tá sé de cheart ag leanaí an cúram sláinte is fhearr a fháil, uisce óil sábháilte a fháil, bia cothaitheach a fháil, cónaí i dtimpeallacht ghlan shábháilte, agus eolas a fháil a chuideoidh lena bhfolláine.

BEIDH GÁ AGAT LE:


- Scéal ar DVD (Rian 7) nó Téacs an scéil
- Bileog Gníomhaíochta 3

RÉAMHRÁ:

Pléigh na nithe a bhfuil gá againn leo chun fanacht beo agus folláin. Mar shampla, cad a mbíonn gá ag báibíní leo? Cad a mbíonn gá ag leanaí leo? Cad a mbíonn gá ag ainmnithe leo?

FORBAIRT:

Breathnaigh ar an scéal ar Rian 7 den DVD nó léigh an scéal do na leanaí.



Gráigh do Choileán



Uair dá raibh, bhí triúr cairde ann. Pól agus Susie agus Fionán ab ainm dóibh, agus bheartaigh siad go léir go raibh peata uathu dóibh féin. Mar sin, d'imigh Pól agus Susie agus Fionán chuig an siopa peataí agus chonaic siad trí choileán aoibhne san fhuinneog.

'Sin an ceann atá uaimse,' arsa Pól, ag roghnú an choileáin bháin, le paiste donn os cionn súil amháin. 'Tabharfaidh mé Paiste air,' ar seisean.

'Agus sin an ceann atá uaimse,' arsa Susie, ag roghnú an choileáin le paiste dubh ar a chluas. 'Tabharfaidh mé Spota air,' ar sise.

'Agus tá an ceann beag sin uaimse,' arsa Fionán, ag roghnú an choileáin bhig a bhí giodamach lena eireaball ag luascadh. 'Tabharfaidh mé Giodam air,' ar seisean.

Mar sin, thug Pól agus Susie agus Fionán a bpeataí nua abhaile leo agus chuidigh siad leo socrú isteach.

Ar dtús bhí gá ag na coileáin le háit codlata.

Thóg Pól seid ollmhór agus chuir sé pluid ollmhór isteach ann. D'aimsigh Susie seanbhosca briste do Spota agus chuir sí pluid stróicthe ann. Cheannaigh Fionán coinéal compordach do Ghiodam agus chuir sé pluid the chluthar isteach ann.



Bhí gá ag na coileáin le bia le hithe agus le rud éigin le hól.

Cheannaigh Pól an-chuid cácaí seacláide, sceallóga prátaí agus bananaí do Phaiste. Thug sé sú oráiste agus tae dó le hól.

Cheannaigh Susie cnónna agus uibheacha do Spota. Thug sí creatháin bhainne agus caife dó le hól.


Cheannaigh Fionán bia coileáin i gcannaí agus brioscaí speisialta do choileáin dá choileán Giodam. D'fhág sé uisce úr ina bhabhla le hól.






Bhí gá ag na coileáin a bheith ag súgradh. Thug Pól teidí agus drum do Phaiste agus d'inis don choileán dul ag súgradh ar an tsráid. Thug Susie píosa sreangáin do Spota agus d'inis sí dó a bheith ag imirt leis ina bhosca. Thug Fionán Giodam leis chun na páirce agus d'imríodar cluiche le liathróid dheas bhog.

Lá amháin bhí Pól agus Susie agus Fionán amuigh ag siúl lena madraí agus bhuaileadar lena chéile ar an tsráid. Thosaíodar ag caint faoina bpeataí. Táim buartha,' arsa Pól. 'Níl Paiste sona. Tá sé leisciúil agus bíonn sé ina shuí an lá ar fad!'





‘Táim buartha freisin’ arsa Susie. ‘Níl Spota sona ach oiread. Ní íosfaidh sé agus ní imreoidh sé.’

‘Nílimse buartha ar chor ar bith,’ arsa Fionán. ‘Tá Giodam an-sona. Itheann sé go maith. Codlaíonn sé ar feadh na hoíche agus bíonn sé ag imirt an lá ar fad.’ Bhí Giodam ag luascadh a eireabaill chun a léiriú díreach chomh sona is a bhí sé.

D’fhill Pól agus Susie ar an mbaile agus iad ag smaoineamh ar Fhionán agus Giodam. Bhí siad ag machnamh ar na cúiseanna a raibh Giodam chomh sona sin. Bhí siad ag machnamh ar na cúiseanna nach raibh Paiste ná Spota sona. Bheartaigh siad breathnú thar bhalla ghairdín Fhionáin. Chonaic siad an coineál deas compordach. Chonaic siad an mhias le bia coileáin ann, agus an t-uisce sa bhabhla. Chonaic siad Fionán ag imirt le Giodam agus an coileán ag rás mórtimpeall an ghairdín.

‘Oops,’ arsa Pól, ‘Ní dóigh liom go dtugaim aire cheart do Phaiste.’



'Agus ní thugaim aire an-mhaith do Spota ach oiread,' arsa Susie.

'Ach tabharfaidh as seo amach,' arsa Pól.

'Mise freisin,' arsa Susie.

Agus rinne siad amhlaidh. Fuair siad coineáil chompordacha le pluideanna compordacha do Phaiste agus do Spota. Fuair siad bia coileáin i gcannaí agus brioscaí speisialta do choileáin agus uisce deas úr. Agus d'imigh siad chun na páirce gach lá agus bhí an-spórt acu ag imirt le liathróid dheas bhog.

Anois bhuaileadh Pól agus Susie agus Fionán sa pháirc agus ní raibh éinne acu buartha mar go raibh Paiste agus Spota agus Giodam go léir sona sásta agus go raibh siad go léir ag luascadh na n-eireaball.



Gráigh do Choileán



Pléigh an scéal leis na leanaí chun cur le lena dtuiscint. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur:

- Cén peata a roghnaigh Pól/ Susie/ Fionán?
- Cén fáth ar thug siad na hainmneacha sin orthu?
- Cén chaoi ar thug Pól aire do Phaiste?
- An bhfuair Paiste na nithe a raibh gá aige leo?
- Cén chaoi ar thug Susie aire do Spota?
- An bhfuair Spota na nithe a raibh gá aige siúd leo?
- Cén chaoi ar thug Fionán aire do Ghiodam?
- An bhfuair Giodam na nithe a raibh gá aige siúd leo?
- Cén duine is fearr a thug aire dá p(h) eata?
- Céard a d'fhoghlaim Pól agus Susie?
- Cén fáth a raibh na trí choileán ag luascadh a n-eireaball ag deireadh an scéil?

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:

Iarr ar na leanaí na nithe a dhathú ar bhileog gníomhaíochta 3, a measann siad a bhfuil gá ag coileán leo.



GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 2:

Tar éis plé a bheith ann leis na leanaí iarr orthu na nithe a tharraingt a bhfuil gá acu leo, ina dtuairim, chun a bheith sábháilte agus folláin e.g. bia, uisce, baile, éadaí, daoine a thabharfaidh aire dóibh, leaba.

NASC BAILE:

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta chríochnaithe a thabhairt abhaile leo agus é a phlé lena dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí.



Gráigh do Choileán




Pléigh le do leanbh na nithe a bhfuil gá ag leanaí leo chun a bheith sláintiúil, slán agus sona.

Síniú an Tuismitheora/an Chaomhnóra: _____

Cuimsiú

GNÍOMHAÍOCHT 5

An Clog





Cuimsiú

An Clog

Sa cheacht seo, cuireann leanaí an ceart atá ag gach leanbh a bheith cuimsithe faoi chaibidil.

CUSPÓIR:

Chun a léiriú gur féidir cuimsiú a bhaint amach sa chomhthéacs scoile i slite praiticiúla.

Bunreacht, Airteagal 40:

Déileáiltear le gach saoránach, mar dhaoine daonna, go comhionann faoin dlí.

CNACL, Airteagal 2:

Tá na cearta céanna ag gach leanbh, cibé cé hiad, an áit ina bhfuil siad ina gcónaí, na poist atá ag a dtuismitheoirí, an teanga a labhraíonn siad, an creideamh atá acu, cibé acu an buachaillí nó cailíní iad, an cultúr atá acu, cibé acu an bhfuil siad faoi mhíchumas nó nach bhfuil nó cibé acu an bhfuil siad saibhir nó nach bhfuil. Ní ceart caitheamh go héagórach le haon leanbh ar aon bhonn.

Beidh gá agat le:

- Téacs an scéil
- Bileog gníomhaíochta 4
- Focail na gcluichí a imrítear i gciorcal a mhúineadh do na leanaí (tá seans ann go mbeidh leanaí níos sine ar an eolas faoi chluichí áitiúla)
- **Roghnach** - cnaguirilisí chun tionlacan le hamhrán roghnaithe.
 - ábhar dramhaíola chun cnaguirilisí a dhéanamh, mar shampla: crothla déanta as buidéil phlaisteacha ina bhfuil gránbharr nó pónairí; bloic adhmaid le bualadh le chéile; drumáí déanta as coimeádáin phlaisteacha nó mhiotail.
 - nó fíor-chnaguirilisí, mar shampla: tambóiríní, triantáin, bloic agus buailteoirí adhmaid, maracá, clingchloig nó clingmhaidí.

RÉAMHRÁ:

Léigh an scéal 'An Clog' os ard do na leanaí.



An Clog

Cliiiiiiiiiiiiiing (Fuaim an chloig ag clingeadh)

A thiarcais, a smaoinigh Eva.

Am súgartha arís. Ba bhreá liom dá mbeinn in ann fanacht istigh! Ach, bhí na páistí eile ag dul i líne cheana féin. Chuaigh Eva go dtí an raca agus fuair sí a cóta, agus chuir sí uirthi go mall é. Bhí sí ag iarraidh gach uile chnaipe a dhúnadh. Thug Iníon Burton é seo faoi deara. “Caillfidh tú d’am súgartha, a Eva, brostaigh ort’ a dúirt sí.

Ní raibh a fhios ag Iníon Burton go raibh Eva ag iarraidh a ham súgartha a chailleadh. Níor theastaigh uathí dul amach go dtí an clós. Ní bheadh aon pháiste eile sásta súgradh in éineacht léi ar aon chuma. Níor tháinig Eva go dtí an scoil seo ach dhá lá ó shin den chéad uair. Bhog sí ó scoil eile i dtír i gcéin. Bhí an scoil nua seo difriúil leis an scoil eile. Ní raibh aithne aici ar na páistí eile agus ní raibh an teanga aici. Ní raibh a fhios aici a n-ainmneacha agus ní raibh sí ar an eolas faoi na cluichí a d’imir siad. Nuair a chuaigh sí amach go dtí an clós, ní dhearna sí aon rud ach breathnú orthu. Bhí siad go léir sona sásta ach bhí an-bhrón uirthi féin.



Sheas Eva agus bhreathnaigh sí ar na páistí eile a bhí i mbun scipeála. Chan siad amhráin ghreannmhara ach ní raibh na focail ar eolas aici. Chuaigh sí ag fálróid ina haonar.

Stad sí chun breathnú ar chluiche buailte bos. Ach, bhí na páistí ag labhairt chomh sciobtha sin nach raibh sí in ann iad a thuiscint. Shiúil sí amach uathu.

Chonaic sí páistí a bhí ag babhtáil cártaí agus shuigh sí síos in aice leo. Ach, ní raibh a fhios aici cad a bhí i gceist leis na cártaí agus rith sí uathu.

Rith sí i ndiaidh roinnt cailíní a bhí ag imirt cluiche tóraíochta. Dúirt siad rud éigin léi agus ní raibh sí cinnte cé acu an raibh siad sásta léi nó nach raibh. D'imigh siad as radharc go luath.

Clíiiiiiiiiiiiiing! Iontach! a cheap Eva. An clog faoi dheireadh. Buíochas le dia go raibh am súgartha críochnaithe. Ach, bheadh uirthi dul amach go dtí an clós arís amárach. Nuair a d'imigh sí abhaile, d'inis sí dá mam ina teanga féin faoin bhfadhb a bhí aici sa chlós. D'éist mam Eva léi agus d'inis sí d'Eva go n-inseodh sí don mhúinteoir faoin bhfadhb an lá dár gcionn. Bhí an-bhrón ar Iníon Burton go raibh brón ar Eva le linn ama súgartha. Bheadh uirthi rud éigin a dhéanamh chun cúnamh a thabhairt d'Eva páirt a ghlacadh sna cluichí. Ní raibh sé cóir nár cuimsíodh í sa spraoi ar fad sa chlós.




An lá sin, díreach roimh am súgartha, bhí comhrá idir Iníon Burton agus an rang faoi shúgradh le chéile. Bhí sí ag machnamh cén fáth nár cuimsíodh Eva sna cluichí. D'inis na páistí di nach raibh Eva ar an eolas faoi fhocail a gcluichí. Ní raibh na cluichí scipeála, na cluichí buailte bos, na cluichí cártaí ná na cluichí tóraíochta fiú ar eolas aici. Mhínigh Iníon Burton dá labhróidís go mall nó dá ndéanfaidís miongháire agus dá míneoidís d'Eva conas na cluichí a imirt, thuigeadh sí ansin. D'éist na páistí lena múinteoir agus dúirt siad go dtabharfaidís cúnamh d'Eva. Agus thug siad! Rinne siad miongháire d'Eva sa chlós an lá sin, thóg siad a lámh agus mhínigh siad di conas páirt a ghlacadh. Ní raibh na focail ag Eva fós, agus rinne sí a dícheall agus rinne sí na rudaí a rinne na páistí eile. Fuair sí amach go raibh cuid mhaith de na cluichí díreach cosúil leis na cluichí a d'imir sí ina tír féin. Ní raibh ach fuaim éagsúil orthu.

Ón lá sin ar aghaidh, chuir Iníon Burton 'am súgartha speisialta' ar siúl gach lá. D'imir sí cluichí i gciorcal leis an rang. Tá seans maith go bhfuil a fhios agat

faoi na cluichí seo chomh maith, nuair a sheasann tú i gciorcal agus canann tú amhráin. Bhí Eva ag canadh in éineacht le gach duine eile go luath. Is aoibhinn léi páirt a ghlacadh i 'Roille, roille, ráinne' go háirithe nuair a thiteann gach duine ar an urlár. Is breá léi nuair a chnigtar ar a gualainn agus iad ag imirt "Isteach is Amach a théann na coinnle corra smúracha". Baineann sí taitneamh as 'Gearr, Gearr,' a rá sa chluiche "tá Droichead Londan ag titim síos", agus, thar aon chluiche eile, bíonn sí an-sásta nuair a chuireann sí a lámha suas cosúil le crann i "Bhí banphrionsa ann fadó fadó"

Tar éis tamaillín, ní raibh Eva ag glacadh páirte sna cluichí i gciorcal, ach i gcluichí eile amuigh sa chlós freisin. Mhúin sí cúpla cluiche do na páistí eile nach raibh ar eolas acu roimhe sin. Anois nuair a chloiseann Eva fuaim an chloig ag am súgartha, ritheann sí go dtí an líne, léimeann sí suas agus síos in éineacht le gach duine eile agus ritheann sí amach go dtí an clós chomh sciobtha agus is féidir léi chun tús a chur leis na cluichí. Tá sé deas gach duine a chuimsiú.



FORBAIRT:

Pléigh an scéal leis an rang. Seo a leanas roinnt ceisteanna samplacha:

- Cén fáth nár thaitin fuaim an chloig ag am súgartha le Eva?
- Cén fáth a bhfuil am súgartha againn ar scoil?
- Cén fáth nár ghlac Eva páirt sna cluichí?
- Cad a cheapann tú a bhí á mhothú aici?
- Cad a rinne sí chun cúnamh a fháil?
- Cé a rinne cinnte go raibh sí cuimsithe sna cluichí?
- Cad a rinne na páistí eile chun cúnamh a thabhairt d'Eva?
- Cad a fuair sí amach faoi na cluichí?
- Cad iad na cluichí a imríonn tú nuair atá tú sa chlós?
- An raibh tú fágtha ar lár as cluiche riamh?
- Conas a bhí tú in ann páirt a ghlacadh arís?
- Cad a dhéanfa chun duine éigin a chuimsiú i do chluichí?

GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1

Imir roinnt cluichí éagsúla i gcorcal leis na leanaí. Is féidir leat na cluichí a luaitear sa scéal a imirt. Ba chóir don mhúinteoir focail na gcluichí a mhúineadh do na leanaí roimh ré nó le linn an chluiche. Cuir béim ar chuimsiú ar dtús: caithfidh gach duine a bheith sa chiorcal sula dtosaíonn an cluiche.





GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 2

Múin an t-amhrán “Bígí Linn” ar a bhfuil an fonn céanna le ‘If you’re happy and you know it, clap your hands!’ Tosaíonn cúigear leanaí i gchiorcal ag canadh an amhráin. Tar éis rainn, glacann cúigear leanaí eile páirt, go dtí go bhfuil gach leanbh sa chiorcal. Is féidir cnaguirilisí a úsáid má tá sé indéanta/inmhianaithe.

Bígí Linn

*Má tá tú sásta nó faoi bhrón, bígí linn,
Má tá tú sean nó an-óg, bígí linn,
Sea, is cairde muid go léir,
Gach aon duine againn faoin spéir,
Greim láimhe ar a chéile, bígí linn.
Má tá tú beag nó an-ard, bígí linn
Can ón mbun is can ón mbarr, bígí linn,
Sea, is cairde muid go léir,
Gach aon duine againn faoin spéir,
Greim láimhe ar a chéile, bígí linn.
Murar mhaith leat ‘bheith ag caint, bígí linn,
Má tá uirlis, bí ag seinnt, is bígí linn
Sea, is cairde muid go léir,
Gach aon duine againn faoin spéir,
Greim láimhe ar a chéile, bígí linn.
Is cuma ‘dtuigeann tú gach riail, bígí linn,
Bí go deas is bí go fial, bígí linn,
Sea, is cairde muid go léir,
Gach aon duine againn faoin spéir,
Greim láimhe ar a chéile, bígí linn.*

NASC BAILE

Tabhair cóip de bhileog ghníomhaíocht 4 do gach leanbh le críochnú. Iarr ar na leanaí an bhileog chríochnaithe a thabhairt abhaile agus é a phlé lena dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí.



Líon isteach le dathanna na rudaí a thaitníonn leat



Nuair a insíonn do leanbh faoina p(h)ictiúr, labhair leis/léi faoi dhaoine eile (mar shampla, deartháireacha, deirfiúracha, col ceathracha agus leanaí eile sa cheantar) ba chóir a chuimsiú i gcluichí.

Tarraing pictiúr díot agus de do chairde ag imirt cluiche le chéile.



Síniú an Tuismitheora/an Chaomhnóra: _____



GNÍOMHAÍOCHT 6

*Bróga Nua
do Ben*





Bróga Nua do Ben

Cuireann an gníomh seo na leanaí ar an eolas faoin nGarda Síochána agus feabhsaíonn sé a bhfeasacht ar an obair a dhéanann na Gardaí sa phobal, an obair ar mhaithe le leanaí san áireamh.

CUSPÓIR:

Chun feasacht na leanaí ar an nGarda Síochána agus a gcuid oibre sa phobal a fheabhsú, an obair ar mhaithe le leanaí san áireamh.

Nóta do mhúinteoirí:

Thug Coláiste na hOllscoile Corcaigh faoi thaighde i 2007 ar son Oifig an Ombudsman do Leanaí maidir leis na constaicí éagsúla a stopann leanaí a gcearta a bhaint amach. Dúirt an taighde seo go mbíonn constaicí ann do leanaí a théann i gcoimhlint leis an dlí agus a mbíonn teagmháil acu leis an gcóras ceartais choiriúil nuair a dhéanann siad iarracht a gcearta a bhaint amach. Mar gheall air seo, bheartaíomar ar ghníomhaíocht a fhorbairt a thabharfadh cúnamh do leanaí níos óige dul i ngleic le 'leanaí agus an dlí' i slí atá feiliúnach dá n-aois, mar shampla, ag breathnú ar obair na nGardaí sa phobal.

Beidh gá agat le:

- Bileog gníomhaíochta 5

RÉAMHRÁ:

Léigh an scéal 'Bróga Nua do Ben' os ard do na leanaí.



Bróga Nua do Ben

Bhí bróga nua ag teastáil ó Ben le haghaidh scoile agus dúirt a Dhaid go rachaidís go dtí Siopa Bróg Sheáin ar an bpríomhshráid i lár an bhaile chun péire nua a cheannach. Ach, rinne Daid dearmad go raibh féile an tsamhraidh ar siúl. Bhí an baile dubh le daoine ag siúl suas agus síos nó ag seasamh i ngrúpaí ag féachaint ar cheoltóirí ar an tsráid. Bhí go leor rudaí le feiceáil agus le déanamh. Ba spraoi maith é toisc go bhfuair na páistí balúin agus bratacha agus bhí na daoine aosta an-sásta ar fad.

Rug Ben greim láidir ar lámh a athar agus a bhí siad ag dul tríd an slua. Bhí sé callánach ar an tsráid agus bhí Ben faoi bhrú na ndaoine a bhí ag dul tharstu. Bhí sé beagáinín scanrúil freisin. Bhí áthas ar Ben nuair a shroich siad an siopa bróg. Ach, nuair a bhí siad ar tí dul isteach, bhuail Daid lena chara Harry. Bhí Daid agus Harry ag caint faoi chluiche peile agus faoin bhfoireann a bhainfeadh an bua amach Dé Domhnaigh. D'éirigh Ben dubh dóite a bheith ag éisteacht leo agus d'fhéach sé ar na bróga ar fad san fhuinneog, ag iarraidh na cinn is fearr leis a roghnú.



Ansin, chuala Ben daoine ag gaire agus ag béicíl. D'fhéach sé thart. Bhí slua mór thuas an tsráid. Bhí siad ag féachaint ar bhobaide a bhí ag déanamh bobanna ar chineál rothair nach raibh ach aon roth amháin air! Shiúil Ben go dtí an slua chun amharc níos fearr a fháil. Bhí an bobaide ag déanamh longadáin ar an rothar agus cheap gach duine go dtitfeadh sé uaidh ach níor thit. Bhí Ben sna trithí ag gaire. Ansin, chuaigh an bobaide síos an tsráid ar a rothar greannmhar agus thosaigh na daoine eile ag fágáil. D'iompaigh Ben chun an scéal faoin mbobaide a insint dá Dhaid, ach ní raibh Daid ann. Ní raibh a chara Harry ann agus ní raibh Siopa Bróg Sheáin ann ach oiread! Is léir gur shiúil Ben ón siopa gan é a thabhairt faoi deara. 'A Dhaid! A Dhaid!' a ghlaoigh Ben. Ach, ní raibh a Dhaid in ann é a chloisteáil toisc go raibh ceol glórach ag teacht amach as na callairí. Ghlaoigh Ben arís agus arís eile ach níor chuala a Dhaid a ghlaonna. Bhí Daid imithe agus ní raibh a fhios aige cá raibh sé! Bhí sé ina aonar sa bhaile agus ní raibh a fhios aige an tslí abhaile. Thosaigh sé ag caoineadh.

Go tobann, chuala sé guth. 'Bhuel, a mhac,' a dúirt an guth 'ar chaill tú do mham nó do dhaid?'. D'fhéach Ben timpeall. Bhí bean ag caitheamh éide tar éis dul ar a glúine agus bhí sí ag labhairt leis. 'Is mise Garda Ní Nualláin' a dúirt sí. 'B'fhéidir go mbeidh mé in ann cúnamh a thabhairt duit. Cad a tharla?' Stop Ben ag caoineadh agus d'inis sé don Gharda go raibh a Dhaid agus Harry ag caint faoin bpeil taobh amuigh den siopa bróg. D'inis sé di faoin mbobaide ar an rothar agus nach raibh a Dhaid ann nuair a chas sé timpeall. Thosaigh Garda Ní Nualláin ag gaire. 'Fear darb ainm Harry ag caint faoin



bpeil?’ a dúirt sí. ‘Bhuel, níl aon duine eile cosúil leis sin thart anseo ach Harry Ó Nualláin! M’uncail Harry!’ Cheap Ben go raibh sé greannmhar go raibh uncail ag Garda ach bhí áthas air go raibh aithne aici ar chara a Dhaid. Chuir Garda Ní Nualláin glao ar fhón póca a huncail gan mhoill. Bhí Harry fós in éineacht le Daid Ben, ach ní raibh siad ag caint anois ach ag rith síos agus suas na sráideanna ag lorg Ben. D’inis Harry do Dhaid Ben an dea-scéal go raibh a mhac slán sábháilte in éineacht le Garda.

Nuair a bhí Ben ag fanacht ar a Dhaid, thaispeáin Garda Ní Nualláin an suaitheantas ar a caipín, an uimhir ar a héide, a leabhar nótaí agus a crios speisialta, ar a bhfuil a lán rudaí éagsúla cosúil le feadóg agus tóirse. Cheap Ben go raibh an crios iontach maith.

Gan mhoill, tháinig Daid agus Harry suas an tsráid. Bhí gean gáire ar Dhaid. ‘Buíochas le dia go bhfuil tú slán, a Bhen!’ arsa Daid agus é ag tabhairt barróg mhór dó. ‘Ná gabh buíochas le Dia, a Dhaid,’ a dúirt Ben, ‘gabh buíochas le Garda Ní Nualláin!’

‘Rinne mé dearmad’ a dúirt Daid, ‘Go raibh míle míle maith agat as Ben a choinneáil slán.’

‘Ná habair é,’ arsa Garda Ní Nualláin, ‘is cuid den phost é!’ D’fhág sí slán acu agus shiúil sí síos an bóthar chun cúnamh a thabhairt do dhaoine eile a bhí i bponc.

Thóg Daid lámh Bhen agus thosaigh siad ag siúl ar ais go dtí an carr. Ansin, chuimhnigh Ben rud éigin. ‘Na bróga, a Dhaid! Cad faoi na bróga?’ a d’iarr sé. Rinne Daid gáire. ‘Rinne mé glan dearmad orthu freisin’ a dúirt sé agus chuaigh siad ar ais i dtreo an tsiopa. ‘Ach, geallaim é sin duit, a Bhen,’ arsa Daid, ‘Ní stopfaidh mé chun labhairt le Harry faoin bpeil nó aon rud eile. Gheobhaimid na bróga, sin an méid!’

Fuair Ben péire bróg galbánach le haghaidh scoile. Shiúil sé suas agus síos sa siopa. D’fhéach sé orthu sa scáthán agus cheap sé go raibh siad an-chosúil leis na bróga a chaith Garda Ní Nualláin. B’fhéidir go bhfaighidh sé raidió, tóirse agus leabhar nótaí lá éigin agus bheadh sé féin díreach cosúil le Garda! Nach smaoineamh maith é sin!





FORBAIRT:

Pléigh an scéal seo leis na leanaí. Seo a leanas roinnt ceisteanna samplacha:

- Cén fáth a ndeachaigh Ben agus a Dhaid go dtí an baile?
- Cad a bhí ar siúl sa bhaile an lá sin?
- Cad a bhí ag tarlú ar an tsráid?
- Cé a bhuail le Daid? Cad ar a raibh siad ag caint?
- Conas a chuaigh Ben ar strae?
- Conas a mhothaigh sé nuair a bhí sé ar strae?
- Conas a mhothaigh Daid nuair a thug sé faoi deara nach raibh Ben in éineacht leis?
- Cé a thug cúnamh do Ben agus conas a thug sí cúnamh dó?
- Cén sórt trealaimh a thaispeáin Garda Ní Nualláin do Ben?
- An raibh tú ar strae riamh, fiú ar feadh cúpla nóiméad?
- Cad a tharla?
- Cad a dhéanfa dá mbeifeá caillte arís?

GNÍOMHAÍOCHTA LEANTACH 1

Éascaigh plé idir na leanaí maidir leis na rudaí eile a dhéanann Garda nuair nach bhfuil siad ag tabhairt cúnaimh do leanaí atá ar strae. Iarr ar na leanaí smaoineamh faoi na Gardaí i mbun dualgais a chonaic siad féin — mar shampla, ar an tsráid, i gcarr, ar ghluaisrothar, ag díriú tráchtta, ag cluiche peile nó ar an teilifís.



GNÍOMHAÍOCHTA LEANTACH 2

Tabhair tacaíocht do na leanaí páirt a ghlacadh i ngníomh rólghlactha. Is féidir le leambh amháin ról Gharda Ní Nualláin a ghlacadh agus leambh eile ról a huncaíl Harry a ghlacadh. Cad a deir Garda Ní Nualláin nuair a chuireann sí glao ar Harry?



GNÍOMHAÍOCHTA LEANTACH 3

Iarr ar na leanaí pictiúr de Gharda a tharraingt. Mol roinnt cásanna éagsúla dóibh. Taispeáin na pictiúir agus cuir foscríbhinní leo. D'fhéadfadh naíonáin shinsearacha a bhfoscríbhinní féin a scríobh, mar shampla 'Chonaic mé Garda ar mo bhóthar'.



NASC BAILE

Tabhair cóip de bhileog gníomhaíochta 5 do na leanaí agus iarr orthu na rudaí a úsáideann Garda i mbun oibre a líonadh isteach le dathanna.



NASC BAILE

Bróga Nua do Ben

Líon isteach le dathanna na rudaí a úsáideann Garda i mbun oibre.



Labhair le do leanbh faoin obair a dhéanann an Garda Síochána.

Inis do do leanbh conas teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála. Múin dóibh conas ainm agus seoladh baile a rá nuair atá siad ag lorg cabhrach i gcás práinne. Ach, déan cinnte go bhfuil a fhios acu nár chóir an t-eolas seo a roinnt le strainséirí.

Síniú an Tuismitheora/an Chaomhnóra: _____

Ballóid ar cheisteanna a bhaineann le leanaí

GNÍOMHAÍOCHT 7

*Do Ghuth,
Do Vóta*



Ballóid ar cheisteanna a bhaineann le leanaí

Do Ghuth, Do Vóta

EOLAS CÚLRA

Ghlac beagnach 75,000 leanbh agus níos mó ná 560 scoil agus ionad ar fud na tíre páirt sa tionscadal “an Bhallóid Mhór” a reáchtáil Oifig an Ombudsman do Leanaí i 2007. Chuir aiseolas, a fuarthas ó leanaí, múinteoirí agus príomhoidí, in iúl gur thug an Bhallóid Mhór deis do leanaí tuilleadh a fhoghlaim faoina gcearta; tuairimí a chur le chéile agus a nochtadh; agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach trí vótaí a chaitheamh ar cheisteanna a bhaineann le cearta leanaí. Dúirt múinteoirí linn chomh maith go raibh leanaí gafa le, agus díograiseach mar gheall ar a bheith páirteach i mballóid agus vótaí a chaiteamh. Cuireann an ghníomhaíocht dheireanach leis an aiseolas nuair a thugtar moltaí d’fhonn ballóid a reáchtáil maidir le cearta leanaí.

AR CHÓIR DOM AN BHALLÓID A THÓGÁIL IN AON RANG AMHÁIN NÓ AR FUD NA SCOILE?

Cinnté, is féidir an bhallóid a thógáil in aon rang amháin. Ach, tuigtear go bhfeabhsaítear an leibhéal suime agus taitnimh, agus an t-eispéireas foghlama go mór nuair a thógtar an bhallóid ar fud na scoile. Más mhaith leat an bhallóid a thógáil ar fud na scoile, moltar duit agus do do chomhghleacaithe freagracht as an mballóid a reáchtáil a thabhairt do leanaí an 6ú rang. Cé acu an dtógann tú an bhallóid leis na leanaí i do rang amháin, nó an dtógann tú an bhallóid ar fud na scoile, beidh an ghníomhaíocht níos spráíúla agus níos fiúntaí mar thaithí saoránachta má leagtar róil agus freagrachtaí ar na leanaí i rith an phróisis.



CÉ NA CEISTEANNA BA CHÓIR A CHUR SA BHALLÓID?

Nuair a thugtar deis do leanaí páirt a ghlacadh i mballóid atá dírithe ar na ceisteanna a phléigh siad i ngníomhartha eile an leabhair seo, beidh na leanaí in ann machnamh a dhéanamh ar thábhacht cinntí agus roghanna eolasacha. Is féidir deis a thabhairt do leanaí, áfach, ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leo, mar shampla, ina gceantar áitiúil, a shainaithint, a chur in iúl i bhfocail agus ansin vóta a chaitheamh ina leith.

AISEOLAS CHUIG OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

Beimid an-sásta anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí aon aiseolas a fháil ó na leanaí faoi na ceisteanna ar chaith siad vóta orthu agus cén fáth a gceapann siad go bhfuil ceist nó dhó chomh tábhachtach sin. Is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ag:

oco@oco.ie

nó litir a sheoladh chugainn, Torthaí ár mBallóide, ag:

Oifig an Ombudsman do Leanaí, An Chéad Uirlár, Teach na Mílaoise 52-56 Sráid na Trá Mhór, Baile Átha Cliath 1.

D'fhéadfadh na leanaí torthaí a mballóide a roinnt ag brath ar conas a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo - mar shampla, le príomhoide agus bord bainistíochta na scoile; le comhairleoirí contae áitiúla agus teachtaí dála; nó le soláthraithe seirbhíse áitiúla agus le heagraíochtaí pobail.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ MAIDIR LE HÉASCÚ NA GNÍOMHAÍOCHTA SEO:

Cibé cén tslí a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo, beidh ort na céimeanna thíos a thabhairt faoi deara chun:

- aoiseanna agus cumas na leanaí a chur san áireamh;
- an rang lena bhfuil tú ag obair a chur san áireamh;
- cinneadh a dhéanamh maidir le ballóid a thógáil in aon rang amháin nó ar fud na scoile;
- cinneadh a dhéanamh ar na ceisteanna a bheidh ar an mballóid; an mbainfidh siad leis na ceisteanna sa leabhar seo nó le ceisteanna a roghnaíonn na leanaí?

Má mhúineann tú naíonáin shóisearacha nó shinsearacha agus tá do bhallóid dírithe ar cheisteanna a leanann ó na ceisteanna sa chúrsa seo, ba chóir duit na ceisteanna sna scéalta a chur i gcuimhne do na leanaí. I dtaca leis an vótáil, b'fhéidir go mbeadh sé níos feiliúnaí córas vótaíochta eile a réadtiomnú a bheadh níos éasca do leanaí ag an aois seo a thuiscint. Mar shampla, d'fhéadfá dath éagsúil a shannadh do gach ceist agus iarr ar na leanaí bloic, páipéar, nó ábhair eile daite atá ar fáil duit a úsáid d'fhonn a rogha a chur in iúl.

CUSPÓIRÍ:**Beidh leanaí in ann:**

- a dtuiscint ar an bpróiseas daonlathach a fhorbairt;
- ceisteanna a bhaineann leo a aithint agus a chur in ord tosaíochta;
- beart dearfach a dhéanamh maidir leis an gceist a roghnaíodh (roghnach).

CAD A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT:

- Páipéar ballóide a dhearadh agus cóipeanna a dhéanamh de, srl. chun an bhallóid a éascú (tá teimpléid curtha ar fáil sa leabhar seo).

GNÍOMHÁIOCHT**1. Ag ullmhú don Bhallóid***Gach rang:*

- Tabhair cúnamh do na leanaí súil siar a chaithheamh ar na ceisteanna a chuir siad faoi chaibidil i ngníomhartha an leabhair seo. Mura bhfuil tú ag úsáid na gceisteanna sa leabhar seo mar bhunús do bhallóide, tabhair tacaíocht do na leanaí cúig cheist a bhaineann leo a shainaithint, mar shampla, a scoil nó a bpobal áitiúil.
- Sula ndéanfar an bhallóid, cuir na leanaí i ngrúpaí, grúpa do gach ceist ar an mballóid. Iarr ar gach grúpa cur i láthair gairid a dhéanamh maidir lena gceist d'fhonn í a chur ina luí ar na leanaí eile. D'fhéadfadh gach grúpa obair ealaíne a bhaineann leis an gceist a chur ar taispeáint agus/nó póstaer feachtais a dhearadh agus a chur ar taispeáint.
- Fógair an bhallóid agus na ceisteanna a roghnaíodh.
- Feabhsaigh feasacht ar nósanna imeachta na ballóide i measc na leanaí (i.e. cén fáth a bhfuil an bhallóid faoi rún, conas an páipéar ballóide a líonadh isteach) agus, tábhacht na dtoghchán inár sochaí i gcoitinne, srl.

Le haghaidh an ranga/an ghrúpa atá ag reáchtáil na ballóide:

- Caithfear an rang nó an grúpa, atá ag reáchtáil agus ag déanamh maoirseachta ar an bpróiseas, a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta agus ról lárnacha cosúil leis an gCeann Comhairimh, áiritheoirí, gardaí slándála le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí, agus breathnóirí. Chomh maith leis sin, is féidir le leanaí cártaí eisiúna a dhéanamh agus iad a chur ar taispeánt in aice leis na boscaí vótaíochta; obair ealaíne/póstaeir a bhaineann le gach ceist a bhailiú ó na ranganna eile agus iad a chur ar taispeánt; agus páipéar ballóide a dhearadh/a ullmhú.
- Má tá tú ag obair in éineacht leis an ngrúpa reáchtála:
- Tabhair cúnamh dóibh Ceann Comhairimh a roghnú;
- Roinn an seicliosta ar bhileog gníomhaíochta 6;
- Tabhair tacaíocht do na leanaí chun daoine a roghnú le haghaidh gach ról (ba chóir go mbeadh beirt chúntóirí ag an gCeann Comhairimh ar a laghad);
- Tabhair cúnamh do na leanaí liosta dualgas a leagan amach agus a chur ar taispeánt.

2. An Bhallóid a Thógáil

- Beidh sé de dhualgas ar an gCeann Comhairimh maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta.
- Tóg an vótáil sa halla tionóil. Más féidir, bheadh na leanaí níos sine in ann na leanaí níos óige a thabhairt chuig agus ón halla vótála agus maoirseacht a dhéanamh ar an vótáil ag an am céanna.
- I ndiaidh na ballóide, ba chóir go mbeadh an Ceann Comhairimh in ann na torthaí a chur in iúl do gach duine.

3. Roghanna le haghaidh gníomhaíochtaí a leanann ón mballóid

Mol do na leanaí torthaí na ballóide a thabhairt abhaile leo. D'fhéadfá cúnamh a thabhairt do leanaí:

- Chun obair le chéile ar bheart dearfach maidir leis an gceist a bhuaigh an vótáil.
- agus/nó
- Chun ríomhphost nó litir a sheoladh chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi thorthaí na ballóide, tuairimí na leanaí ar na torthaí seo agus, má tá bainteach, aon bheart a thóg siad i dtaca leis an gceist a bhuaigh an vótáil;

agus/nó

- Cairt taispeántais a dhéanamh chun torthaí an ranga/na scoile a thaispeánt.

Bhur mBallóid a Reáchtáil

Seicliosta na bPost

Ainm an chinn chomhairimh:

Is é post an chinn chomhairimh:

Ainmneacha chúntóirí an chinn chomhairimh

Is é post na gcúntóirí:

Ainmneacha na ngardaí slándála (le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí):

Is é post na ngardaí slándála

Ainmneacha na mbreathnóirí:

Is é post na mbreathnóirí:

Ainmneacha áiritheoirí an chomhairimh:

Is é post áiritheoirí an chomhairimh:

Ainmneacha chláráitheoirí na vótaí:

Is é post chláráitheoirí na vótaí:

Páipéar Ballóide Samplach

Roghnaigh an cheist is tábhachtaí dar leat.

Cuir tic in aon bhosca amháin.

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

☐ *Ceist:* _____

Fill agus cuir isteach sa bhosca ballóide.

Go raibh maith agat!

Leathán Comhairimh Samplach

Ainm na scoile:

Seoladh na scoile:

Torthaí na Ballóide

Cuir isteach líon na vótaí a caitheadh i ndáil le gach ceist:

Ceist:

Ceist:

Ceist:

Ceist:

Ceist:

Stampa na Scoile:

Ainm an Chinn Chomhairimh (bloclitreacha):

.....

Síniú an Chinn Chomhairimh:



